

**Beartas um Chlárúchán Ainmneacha Fearainn**

**CLÁR ÁBHAR**

<b>CLÁR ÁBHAR</b> .....	2
<b>SAINMHÍNITHE</b> .....	3
<b>AIDHM AGUS SCÓIP</b> .....	3
<b>ALT 1. NÍ MÓR DON CHLÁRAÍ A CHINNEADH CIBÉ ACU AN GCOMHLÍONANN NÓ NACH GCOMHLÍONANN SÉ NA CRITÉIR CHÁILITHEACHTA GHINEARÁLTA.</b> .....	3
<b>ALT 2. AINM A ROGHNÚ – RIACHTANAIS INFHAIGHTEACHTA AGUS THEICNIÚLA.</b> .....	4
<b>ALT 3. CLÁRAITHEOIR A ROGHNÚ</b> .....	4
<b>ALT 4. NA RIALACHA A LÉAMH</b> .....	4
<b>ALT 5. FAISNÉIS TEAGMHÁLA ATÁ CRUINN AGUS IOMLÁN A CHUR AR FÁIL</b> .....	5
<b>ALT 6. AINM FEARAINN A CHLÁRÚ</b> .....	6
<b>ALT 7. BUNACHAR SONRAI WHOIS</b> .....	6
<b>ALT 8. AN NÓS IMEACHTA LE SONRAÍ TEAGMHÁLA A LEASÚ</b> .....	8
<b>ALT 9. AN NÓS IMEACHTA MAIDIR LE TÉARMA AINM FEARAINN A ATHNUACHAN, A CHUR AR CEAL NÓ A SHÍNEADH</b> .....	8
<b>ALT 10. NÓS IMEACHTA I GCOMHAIR AISTRIÚ</b> .....	9
<b>ALT 11. AINMNEACHA FEARAINN A CHUR AR FIONRAÍ AGUS AN NÓS IMEACHTA LE HÁGHADH ATHNUACHANA</b> .....	10
<b>ALT 12. AN NÓS IMEACHTA LE HÁINMNEACHA FEARAINN A CHÚLGHAIRM</b> .....	11
<b>IARSCRÍBHINN 1</b> .....	12

## SAINMHÍNITHE

Tá na téarmaí go léir a úsáidtear anseo le ceannlitir sainmhínithe sna Téarmaí agus Coinníollacha agus/nó sna Rialacha um Réiteach Díospóide agus tá siad ar fáil ag <http://www.eurid.eu>.

## AIDHM AGUS SCÓIP

Leagann an Beartas Clárúcháin amach na nósanna imeachta teicniúla agus riaracháin arna n-úsáid ag an gClárlann maidir le clárúcháin ainmneacha fearainn, nó iarrataí le haghaidh clárúchán den sórt sin lena n-áirítear cealúchán, aistriú, fionraíocht, cúlghairm srl. na nAinmneacha Fearainn seo.

Tá feidhm ag Téarmaí agus Coinníollacha an Bheartais Chlárúcháin seo maidir le clárúcháin Ainmneacha Fearainn amháin, nó iarrataí le haghaidh clárúchán den sórt sin, dá dtagraítear in Airteagal 2, mír 4, de na Rialacha um Beartas Poiblí, i.e. Ainmneacha Fearainn cláraithe go díreach faoin bhFearann Barrleibhéil agus athróga féideartha .eu i scrípteanna eile “.eu”.

Níl feidhm ag an mBeartas Clárúcháin seo maidir le hainmneacha cláraithe ag gach leibhéal íseal, nach bhfuil údarás ag an gClárlann orthu mar is é an Cláraí a dhéanann na leibhéil seo a bhainistiú go heisiach.

## ALT 1. NÍ MÓR DON CHLÁRAÍ A CHINNEADH CIBÉ ACU AN GCOMHLÍONANN NÓ NACH GCOMHLÍONANN SÉ NA CRITÉIR CHÁILITHEACHTA GHINEARÁLTA.

Sa chéad chéim seo, ní mór don Chláraí a fhíorú cibé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann sé na Critéir Cháilitheachta Ghinearálta, agus ní foláir:

- (i) gur gnóthaí atá ann ag a bhfuil a oifig chláráithe, a riarachán lárnach nó a phríomh-áit ghnó laistigh den Aontas Eorpach, den Iorua, den Íoslainn nó de Lichinstéin, nó
- (ii) gur eagraíocht atá ann bunaithe laistigh den Aontas Eorpach, den Iorua, den Íoslainn nó de Lichinstéin, gan dochar d'fhaidhm an dlí náisiúnta, nó
- (iii) gur duine nádúrtha atá ann a chónaíonn laistigh den Aontas Eorpach, den Iorua, den Íoslainn nó de Lichinstéin.

Tá na tíortha agus na críocha incháilithe liostaithe in Aguisín 1 leis seo.

Mura gcomhlíonann an Cláraí ceann de na critéir cháilitheachta thuas, níltear i dteideal Ainm Fearainn a chlárú.

Má chuireann Cláraí iarraidh isteach ar Ainm Fearainn a chlárú agus mura féidir leis na coinníollacha thuas a chomhlíonadh, nó mura gcomhlíonann sé a thuilleadh iad, tá an Chlárlann i dteideal an iarraidh a dhiúltú nó an tAinm

Fearainn i gceist a chúlghairm ag am ar bith de réir alt 6.4 agus 8.4 de na Téarmaí agus Coinníollacha.

## **ALT 2. AINM A ROGHNÚ – RIACHTANAS INFHAIGHTEACHTA AGUS THEICNIÚLA**

Ní foláir don Chláraí, sula ndéanann sé nó sí iarraidh cláraithe ar Ainm Fearainn, a fhíorú cibé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann an tAinm Fearainn atá iartha na riachtanais infhaighteachta agus theicniúla a leagtar amach in alt 2.2 de na Téarmaí agus Coinníollacha. Maidir leis seo, ní foláir don Chláraí na céimeanna seo a leanas a ghlacadh:

- (i) seiceáil cibé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann an tAinm Fearainn arna iarraidh na riachtanais theicniúla atá leagtha amach in alt 2.2 (ii) de na Téarmaí agus Coinníollacha;
- (ii) seiceáil i mBunachar Sonraí WHOIS (ar fáil ar Láithreán Gréasáin na Clárlainne) cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an tAinm Fearainn ar fáil; níl Ainmneacha Fearainn atá sna liostaí d'ainmneacha bactha nó ar fionraí (foilsithe ar Láithreán Gréasáin na Clárlainne) ar fáil (go fóill) le haghaidh Clárúcháin;

## **ALT 3. CLÁRAITHEOIR A ROGHNÚ**

Ní féidir Ainmneacha Fearainn a chlárú agus ní féidir clárúcháin a athnuachan leis an gClárlann ach amháin trí Chláraitheoir, a ghníomhaíonn thar ceann an Chláraí.

Dá bhrí sin, chun iarraidh a dhéanamh ar Ainm Fearainn a chlárú, ba cheart don Chláraí Cláraitheoir a roghnú atá creidiúnaithe ag an gClárlann ón liosta atá ar fáil ar Láithreán Gréasáin na Clárlainne.

## **ALT 4. NA RIALACHA A LÉAMH**

Agus iarraidh á déanamh le haghaidh Ainm Fearainn a chlárú, déanann an Cláraí comhaontú leis an gClárlann; tá na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann leis an gcomhaontú sin sna Rialacha. As sin amach, beidh an Cláraí faoi cheangal go heisiach ag na Rialacha seo, agus féadfar iad a bheith faoi réir athraithe ag am ar bith de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach anseo.

Is ar an gCláraitheoir atá an fhreagracht na Rialacha infheidhme a chur ar fáil don Chláraí sula ndéanann sé a iarraidh ar chlárúchán Ainm Fearainn.

Tá na Téarmaí agus Coinníollacha agus gach Riail eile a bhfuil feidhm acu faoi láthair ar fáil ar Láithreán Gréasáin na Clárlainne.

Tabhair faoi deara go bhfuil an Chlárlann i dteideal Ainm Fearainn a chúlghairm dá deoin féin i gcás go sáraíonn an Cláraí na Rialacha.

## **ALT 5. FAISNÉIS TEAGMHÁLA ATÁ CRUINN AGUS IOMLÁN A CHUR AR FÁIL**

Ní mheasfar go mbeidh an iarraidh ar chlárúchán Ainm Fearainn comhlánaithe ach amháin nuair a chuireann an Cláraí, trí Chláraitheoir, an fhaisnéis seo a leanas, ar a laghad, ar fáil don Chlárlann:

- (i) ainm iomlán an Chláraí; i gcás nach sonraítear ainm cuideachta nó eagraíochta, measfar gurb é an Cláraí an duine aonair a iarrann an tAinm Fearainn a chlárú; má shonraítear ainm na cuideachta nó na heagraíochta, measfar gurb é an Cláraí an chuideachta nó an eagraíocht;
- (ii) seoladh agus tír laistigh den Aontas Eorpach, den Iorua, den Íoslainn nó de Lichinstéin.
  - a. ina bhfuil an oifig chláraithe, an riarachán lárnach nó an phríomh-áit ghnó de ghnóthas an Chláraí lonnaithe nó
  - b. ina bhfuil eagraíocht an Chláraí bunaithe nó
  - c. ina bhfuil cónaí ar an gCláraí;
- (iii) seoladh ríomhphoist an Chláraí (nó a ionadaí);
- (iv) uimhir ghutháin ar féidir teacht ar an gCláraí (nó a ionadaí) aici;
- (v) an tAinm Fearainn atá iarrtha;
- (vi) an teanga do na nósanna imeachta ADR, dá dtagraítear i mír 3(a) de na Rialacha um Réiteach Díospóide, é a bheith mar theanga an chomhaontais clárúcháin idir an Cláraí agus an Cláraitheoir de réir alt 22(4) de na Rialacha Beartais Phoiblí.

Tá oibleagáid ar an gCláraí an fhaisnéis thuasluaite a choinneáil go hiomlán agus go cruinn i gcónaí le linn an Téarma Clárúcháin (feic alt 8 anseo maidir le leasú faisnéis teagmhála).

Tá an Chlárlann i dteideal iarraidh ar chlárúchán Ainm Fearainn a dhiúltú nó Ainm Fearainn a chúlghairm a bhfuil an Cláraí tar éis faisnéis neamhiomlán nó neamhchruinn a chur ar fáil ina leith.

Tá an Chlárlann i dteideal tuilleadh faisnéise a iarraidh ón gCláraí ( go díreach nó trí Cláraitheoir an Chláraí), mar shampla i gcomhthéacs iarratas ar Ainm Fearainn déanta le linn an Tréimhse Chéimnithe Chláraithe.

Ní mór don Chláraí a ghlacadh mar chúram air féin seoladh ríomhphoist atá ag feidhmiú a chur ar fáil, (féach (iii) roimhe seo,) chun glacadh le cumarsáid a d'fhéadfadh teacht ón gClárlann agus/nó an Soláthraí ADR. Mura bhfuil an seoladh ríomhphoist a thugtar don Chlárlann ag feidhmiú, tá an Chlárlann i dteideal an iarraidh ar chlárúchán Ainm Fearainn a chur ar ceal nó fiú an tAinm Fearainn a chúlghairm de réir an nós imeachta dá dtagraítear in alt 12 anseo.

---

Ní mór go mbaineann an fhaisnéis leis an gCláraí agus ní leis an gCláraitheoir, an seachfhreastalaí ná ionadaí duine nó aonáin nach gcomhlíonann na Critéir Cháilitheachta Ghinearálta.

## **ALT 6. AINM FEARAINN A CHLÁRÚ**

Ní féidir iarratas ar Ainmneacha Fearainn agus ar iad a chlárú leis an gClárlann dhéanamh ach amháin trí Chláraitheoir atá creidiúnaithe ag an gClárlann. Is dóchúil go ngearrfaidh an Cláraitheoir táille ar sheirbhís den sórt sin. Ní féidir iarraidh ar Ainm Fearainn a dhéanamh go díreach chuig an gClárlann.

Ar choinníoll gur chuir an Cláraí an fhaisnéis riachtanach ar fad ar fáil don Chláraitheoir agus go bhfuil na hoibleagáidí go léir agus aon oibleagáidí ábhartha eile comhlíonta aige nó aici, is é freagracht an Chláraitheora an fhaisnéis sin a chur isteach go díreach i gcórais na Clárlainne de réir na nósanna imeachta teicniúla arna mbunú ag an gClárlann agus arna bhforáil don Chláraitheoir.

Má tá an tAinm Fearainn atá iarrtha ar fáil go fóill, an fhaisnéis comhlánaithe agus cuntas an Chláraitheora i gcreidmheas, déanfar an tAinm Fearainn a chlárú go huathoibríoch le haghaidh Téarma (in-athnuaite), faoi mar atá cur síos air sna Téarmaí agus Coinníollacha agus faoi réir na bhforálacha atá leagtha amach iontu sin.

**Tabhair faoi deara le do thoil:** ní féidir botún litrithe a cheartú san Ainm Fearainn féin: Is é clárúchán an Ainm Fearainn atá ceart an t-aon réiteach ar an gceist réamhluaite.

## **ALT 7. BUNACHAR SONRAI WHOIS**

### **1. Réamhrá**

Ceanglaíonn na Rialacha Beartais Phoiblí ar an gClárlann áis chuardaigh *WHOIS* a chur ar fáil, inar féidir teacht ar fhaisnéis faoin teagmháil riaracháin agus theicniúil atá ag riar an Ainm Fearainn sin trí Ainm Fearainn .eu a chlósscríobh isteach i gceann de na scrípteanna atá ar fáil.

Nuair a chláraítear Ainm Fearainn, bíonn an fhaisnéis a bhaineann leis an Ainm Fearainn sin ar fáil i mbunachar sonraí *WHOIS* i gcomhlíonadh na rialacha leagtha amach i mBeartas *WHOIS*. Folaíonn an fhaisnéis atá bailithe faisnéis teagmhála an Chláraí, ainm an Chláraitheora agus sonraí na bhfreastalaithe ainmneacha a ndéanann an Chlárlann údarás a tharmligean dóibh don Ainm Fearainn.

Trí dhul go dtí Láithreán Gréasáin na Clárlainne agus tríd an tAinm Fearainn a chlósáil isteach in áis chuardaigh WHOIS, is féidir teacht ar fhaisnéis faoin Ainm Fearainn sin agus faoin gCláraí de réir na rialacha leagtha amach anseo thíos.

Agus Ainm Fearainn á chlárú, ceanglaítear ar an gCláraí Téarmaí agus Coinníollacha na Clárlainne a ghlacadh. Údaraíonn sé seo an Chlárlann cuid de na sonraí pearsanta a chur ar fáil ar a láithreán gréasáin, mar aon le roinnt sonraí teicniúla eile, chun go ndéanfar trédhearcacht chóras na nAinmneacha Fearainn a ráthú don phobal.

## 2. Cuspóir

Mar atá leagtha amach sa chéad mhír d'Airteagal 16 de na Rialacha Beartais Phoiblí is é cuspóir bhunachar sonraí *WHOIS* faisnéis atá réasúnta cruinn agus atá cothrom le dáta a chur ar fáil maidir leis na pointí teagmhála teicniúla agus riaracháin atá ag riar na nAinmneacha Fearainn.

## 3. Ag cosc mí-úsáid sonraí *WHOIS*

Is féidir rochtain a fháil ar shonraí *WHOIS* trí ordú téacsúil nó trí úsáid a bhaint as áis bunaithe ar an ngréasán. Is faisnéis theicniúil amháin atá ar an áis chuardaigh théacsúil *WHOIS*, nach mbaineann go sonrach leis an gCláraí.

Chun mí-úsáid a chosc maidir le sonraí pearsanta atá ar fáil ar an áis chuardaigh *WHOIS* atá bunaithe ar an ngréasán, féadfaidh an Chlárlann bearta cuí a ghlacadh, lena n-áirítear ach nach bhfuil teoranta do:

- (i) chód captcha a úsáid;
- (ii) théacs a rindreáil mar íomhánna;
- (iii) na réimsí taispeánta a theorannú;
- (iv) mheicníochtaí cuardaigh a theorannú; nó
- (v) theorainneacha rochtana a chur i bhfeidhm.

Ceanglófar ar gach duine a chuireann iarratas isteach sa bhunachar sonraí *WHOIS* 'ráiteas dlíthiúil agus téarmaí agus coinníollacha *WHOIS*' a léamh agus a chomhaontú i dtosach, a chuirfidh in iúl don úsáideoir:

- a. go gcuirtear seirbhísí *WHOIS* ar fáil chun críocha faisnéise amháin
- b. trí iarratas a chur isteach go n-aontaíonn an t-úsáideoir gan an fhaisnéis a úsáid chun:
  1. tarchur fógraíochta tráchtála gan iarraidh nó sirtheoireachtaí eile a cheadú, a chumasú nó tacú leo ar shlí eile, trí ríomhphost nó ar shlí eile;
  2. díriú ar fhógraíocht ar aon slí ar féidir sin a dhéanamh;
  3. a bheith ina n-úsáideoir don Chlárlann in aon bhealach trí theachtaireachtaí a sheoladh chucu.

Chun “mianadóireacht sonraí” a chosc ag baint úsáid as an modh ordaithe téacsúil, féadfaidh an Chlárúchán srianta cuardaigh a chur i bhfeidhm.

#### **4. Inrochtaineacht ar an Idirlíon**

Don áis a bheidh bunaithe ar an nGréasán, beidh soláthairtí speisialta inrochtaineachta ann a chinnteoidh go mbeidh fáil chothrom ag daoine lagamhairc ar fhaisnéis WHOIS

### **ALT 8. AN NÓS IMEACHTA LE SONRAÍ TEAGMHÁLA A LEASÚ**

Má athraíonn sonraí teagmhála an Chláraí, ní mór don Chlárúchán iarraidh ar an gCláraitheoir/na Cláraitheoirí an fhaisnéis sin a leasú leis an gClárúchán laistigh de mhí amháin (1) tar éis athrú den sórt sin. Ní féidir iarratas a dhéanamh go díreach leis an gClárúchán.

### **ALT 9. AN NÓS IMEACHTA MAIDIR LE TÉARMA AINM FEARAINN A ATHNUACHAN, A CHUR AR CEAL NÓ A SHÍNEADH**

I bprionsabal, agus faoi réir na bhforálacha atá leagtha amach sna Téarmaí agus Coinníollacha, déantar Téarma Ainm Fearainn cláraithe a athnuachan go huathoibríoch le haghaidh tréimhsí leantacha d'aon bhliain amháin (1).

Tá an Cláraí i dteideal clárúchán ainm fearainn a chealú trí iarratas a dhéanamh lena Chláraitheoir; is é an Cláraitheoir an t-aon aonán ar féidir leis iarratas ar chealú a dhéanamh go díreach leis an gClárúchán.

D'fhéadfadh difríocht a bheith sna nósanna imeachta a úsáideann Cláraitheoirí le Téarma Ainmneacha Fearainn a athnuachan, a chealú nó a shíneadh. Dá bhrí sin, molann EURid go léann an Cláraí go cúramach na téarmaí agus na coinníollacha atá bunaithe ag an gCláraitheoir roghnaithe. ceaptha a léamh go cúramach. I gcásanna áirithe, déanfaidh an Cláraitheoir Téarma Ainm Fearainn a chealú, a athnuachan ná a shíneadh má chomhlíontar coinníollacha áirithe.

### **RÁITEAS TÁBHACHTACH**

Mura bhfuil i gceist ag an gCláraitheoir an tAinm Fearainn a athnuachan nuair a rachaidh an Téarma in éag, tá sé tábhachtach go gcuirfí an Cláraitheoir ar an eolas faoi sin in am cuí agus i gcónaí de réir an chomhaontaithe idir an Cláraitheoir agus an Cláraí. Má tá an dáta éagtha le hAinm Fearainn a chlárú caite, déanfaidh an Chlárúchán sonrasc a chur chuig an gCláraitheoir go huathoibríoch do Théarma nua bliana. I gcás den sórt sin, is dócha go ggearrfaidh an Cláraitheoir táille athnuachana seo ar an gCláraí.

Tá a théarmaí agus coinníollacha sonrasctha féin ag gach Cláraitheoir. Bíonn Cláraitheoirí éagsúla ag súil go n-íocfadh an Cláraí an sonrasc sula dtéann a



nAinm Fearainn in éag, ionas go mbeidh a fhios acu cibé acu ar cheart an clárúchán a athnuachan nó nár cheart. Tabhair do d'aire le do thoil nach ndéanfaidh an Chlárlann idirghabháil in aon díospóid idir Cláraitheoir agus a chustaiméirí.

## **ALT 10. NÓS IMEACHTA I GCOMHAIR AISTRIÚ**

### **10.1 AISTRIÚ AINM FEARAINN CHUIG CLÁRAITEOIR CREIDIÚNAITHE EILE**

Faoi réir Alt 8 de na Téarmaí agus Coinníollacha, tá sé de cheart ag an gCláraí an tAinm Fearainn a aistriú chuig Cláraitheoir eile de réir an nós imeachta atá leagtha amach thíos.

Ar iarratas ón gCláraitheoir chun an tAinm Fearainn a aistriú chuig Cláraitheoir creidiúnaithe eile, iarrfaidh an Cláraitheoir reatha cód údaraithe uathúil d'aistriú den sórt sin ón gClárlann. Tar éis don Chlárlann cód údaraithe den sórt sin a chur ar fáil don Chláraitheoir, (i) cuirfidh an Cláraitheoir an cód údaraithe ar fáil don Chláraí, (ii) cuirfidh an Cláraí an cód údaraithe ar fáil don Chláraitheoir nua agus (iii) cuirfidh an Cláraitheoir nua an cód údaraithe ar fáil don Chlárlann tríd an idirbheart cuí.

Déanfaidh an Chlárlann an t-aistriú a chomhlíonadh tar éis don Chlárlann an cód údaraithe a fháil de réir (iii) thuas.

Tríd an nós imeachta thuas a leanúint, aithníonn agus barántaíonn na Cláraitheoirí agus na Cláraithe atá bainteach leis bailíocht aistriú an Ainm Fearainn chuig an gCláraitheoir creidiúnaithe nua.

Má fhoirceanntar an comhaontú idir an Chlárlann agus an Cláraitheoir atá ceaptha ag an gCláraitheoir agus nach bhfuil an punann Ainm Fearainn aistriithe ag an gCláraitheoir sin chuig Cláraitheoir eile, cuirfidh an Chlárlann an Cláraí ar an eolas faoi sin. Caithfidh an Cláraí Cláraitheoir nua a roghnú roimh dheireadh an Téarma. Ag deireadh an Téarma, cuirfear an tAinm Fearainn ar fionraí.

### **10.2 AISTRIÚ AINM FEARAINN CHUIG CLÁRAÍ NUA**

Faoi réir Alt 8 de na Téarmaí agus Coinníollacha, tá sé de cheart ag an gCláraí an tAinm Fearainn a aistriú chuig Cláraí eile de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach thíos.

Ar iarraidh ón gCláraí an tAinm Fearainn a aistriú chuig Cláraí nua, iarrfaidh an Cláraitheoir reatha cód údaraithe uathúil d'aistriú den sórt sin ón gClárlann. Tar éis don Chlárlann cód údaraithe den sórt sin a chur ar fáil don Chláraitheoir, (i) cuirfidh an Cláraitheoir ar fáil don Chláraí atá ag aistriú é, (ii) cuirfidh an Cláraí atá ag aistriú ar fáil don Chláraí nua é, (iii) cuirfidh an Cláraí nua ar fáil don Chláraitheoir (reatha nó nua) é agus (iv) cuirfidh an Cláraitheoir (reatha nó nua) ar fáil don Chlárlann é tríd an idirbheart cuí.

Déanfaidh an Chlárlann an t-aistriú a chomhlíonadh tar éis don Chlárlann an cód údaraithe a fháil de réir (iv) thuas.

Tríd an nós imeachta seo a leanúint, aithníonn agus barántaíonn gach Cláraitheoir agus gach Cláraí atá bainteach leis bailíocht aistriú an Ainm Fearainn chuig an gCláraí nua.

Má tharlaíonn sé le linn an Téarma, nach ann don Chláraí a thuilleadh, go bhfuil sé faoi réir imeachtaí dócmhainneachta, foirceanta, scor trádála, féimheachta nó a leithéidí, féadfaidh na hoidhrí dlíthiúla nó an riarthóir atá ceaptha go dleathach a iarraidh go ndéanfaí an tAinm Fearainn a aistriú de réir Alt 7 de na Téarmaí agus Coinníollacha.

### 10.3 NUASHONRÚ FAISNÉISE

Más mian le Cláraí an tAinm Fearainn a aistriú chuig Cláraí nua, agus ar choinníoll nach n-athraíonn an Cláraitheoir de bhun aistrithe den sórt sin, tá sé de cheart ag an gCláraitheoir (de bhreis ar an nós imeachta atá leagtha amach in Alt 10.2 thuas) faisnéis an Chláraitheora faoi Ainm Fearainn den sórt sin a nuashonrú chuig ceann an Chláraí nua. Chun amhras a sheachaint, ní bheidh aon chód údaraithe de dhíth do nuashonrú den sórt sin.

Tríd an nós imeachta seo a leanúint, aithníonn agus barántaíonn gach Cláraitheoir agus gach Cláraí atá bainteach leis bailíocht aistriú an Ainm Fearainn chuig an gCláraí nua.

## **ALT 11. AINMNEACHA FEARAINN A CHUR AR FIONRAÍ AGUS AN NÓS IMEACHTA LE HAGHAIDH ATHNUACHANA**

1. Má fhaigheann an Chlárlann iarratas ar chealú ón gCláraí de réir Alt 6.2 de na Téarmaí agus Coinníollacha agus Alt 9 de seo, cuirfidh sí an tAinm Fearainn atá i gceist ar fionraí láithreach ar feadh tréimhse daichead lá féilire (40) tar éis (i) an dáta atá luaite san iarraidh ar chealú nó (ii) an dáta a dhéantar an iarraidh ar chealú i gcás go bhfuil an dáta a luaitear san iarraidh ar chealú roimh an dáta sin nó nár luadh aon dáta san iarraidh ar chealú.

Laistigh den tréimhse 40 lá seo,

- (i) féadfaidh an Cláraí a iarraidh ar a Chláraitheoir an tAinm Fearainn atá ar fionraí a athghníomhachtú agus déanfaidh an Cláraitheoir an iarraidh sin a chur in iúl don Chlárlann; Ní athraíonn athghníomhachtú Ainm Fearainn i bprionsabal an dáta clárúcháin ná cothrom lae an dáta clárúcháin, ach cuireann sé bliain eile leis an téarma, faoi réir na bhforálacha atá leagtha amach sna Téarmaí agus Coinníollacha.
- (ii) féadfaidh an Cláraí aistriú an Ainm Fearainn a iarraidh (lena bhfuil athghníomhachtú an Ainm Fearainn intuigthe).

Ina theannta sin, le linn na tréimhse fionraíochta réamhluaite, féadfaidh seiceadóir eastát an Chláraitheora nó na hoidhrí dlíthiúla (i gcás go n-éagfaidh an Cláraitheoir) nó an riarthóir a cheapfar de réir dlí (i gcás go bhfoirceanntar an Cláraitheoir), d'ainneoin an tAinm Fearainn a chur ar fionraí, iarratas a dhéanamh ar an ainm a aistriú trí Chláraitheoir tráth an doiciméadú iomchuí dá dtagraítear in Alt 10 anseo a bheith curtha isteach.

Mura ndéantar é a athghníomhachtú ná é a aistriú amhail dá dtagraítear thuas laistigh den tréimhse 40 lá sonraithe nó mura bhfaigheann an Chlárlann na táillí iomchuí, cuirfidh sí an tAinm Fearainn atá i gceist ar fáil do chlárúchán ginearálta. Ní chúiteofar na táillí a íocadh as clárúchán tosaigh an Ainm Fearainn (ná a athnuachan).

2. Má fhionraíonn an Chlárlann Ainm Fearainn ar an gcomhaontú idir an Chlárlann agus an Cláraí a fhoirceannadh, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in alt 11.1 de seo.

## **ALT 12. AN NÓS IMEACHTA LE HAINMNEACHA FEARAINN A CHÚLGHAIRM**

1. Féadfaidh an Chlárlann, dá rogha féin, Ainm Fearainn a chúlghairm ar na forais seo a leanas amháin go heisiach:
  - (i) fiacha gan íoc a bheidh dlite ag an gCláraitheoir don Chlárlann;
  - (ii) neamhchomhlíonadh na gCritéar Cáilitheachta Ginearálta dá bhforáiltear faoi Airteagal 4(2)(b) den Rialachán .eu ag an gCláraitheoir nó i gcás nach bhfuiltear á gcomhlíonadh a thuilleadh;
  - (iii) sárú a bheidh déanta ag an gCláraitheoir ar na Rialacha.
2. Déanfaidh an Chlárlann, ceithre lá dhéag ar a laghad (14) sula ndéanfaidh sé an tAinm Fearainn a chúlghairm, fógra a thabhairt trí ríomhphost don Chláraí agus/nó don Chláraitheoir trínar cláraíodh an tAinm Fearainn, chun deis a thabhairt don Chláraitheoir agus/nó don Chláraí, más féidir, na forais chúlghairme réamhluaite a leigheas.

Mura ndéantar na forais chúlghairme réamhluaite a leigheas laistigh den tréimhse ama dá dtagraítear thuas, beidh an Chlárlann i dteideal an tAinm Fearainn a chúlghairm.

3. Ón am a mbeidh fógra tugtha don Chláraí agus/nó don Chláraitheoir ag an gClárlann de réir alt 12.2, féadfaidh sí an tAinm Fearainn/na hAinmneacha Fearainn lena mbaineann a chur ar fionraí. Ní féidir Ainmneacha Fearainn a cuireadh ar fionraí de réir Alt 12.3 anseo a aistriú ná a athghníomhachtú.

**IARSCRÍBHINN 1****Cé a fhéadfaidh Ainm Fearainn a chlárú?**

**Nóta:** Is critéar le haghaidh Ainmneacha Fearainn a chlárú é Cónaitheacht (SEACHAS Náisiúntacht).

<b>Tíortha/críocha incháilithe</b>	<b>Tíortha/críocha nach bhfuil incháilithe</b>
an Ostair	
an Bheilg	
an Bhulgáir	
an Chipir, an chuid dheisceartach Ghréagach di (faoi smacht Phoblacht na Cipire)	An chuid thuaisceartach Thurcach den Chipir,
an Chróit	
Poblacht na Seice	
an Danmhairg	Oileáin Fharó an Ghraonlainn
an Eastóin	
an Fhionlainn Oileáin Aland	
an Fhrainc Guadaloupe Guáin na Fraince Martinique Mayotte Réunion Saint-Martin	Polainéis na Fraince Críocha Deisceartacha agus Antartacha na Fraince An Nua-Chaladóin agus spleáchríoch a Saint Pierre agus Miquelon Wallis agus na hOileáin Futuna Saint-Barthélemy
an Ghearmáin	
an Ghréig	
an Ungáir	
an Íoslainn	
Éire	
an Iodáil	
an Laitvia	
Lichtinstéin	
an Liotuáin	
Lucsamburg	
Málta	
an Iorua	
an Pholainn	
an Phortaingéil na hAsóir Maidéara	
an Rómáin	
an tSlóvaic	
an tSlóivéin	
an Spáinn Na hOileáin Chanáracha Ceuta Melilla	

an tSualainn	
an Ísiltír	Aruba Aintillí na hÍsiltíre: Bonaire Curaçao Saba Sint Eustatius Sint Maarten
an Ríocht Aontaithe Giobráltar	Anguilla Beirmiúda Críoch Antartach na Breataine Críoch Aigéan Indiach na Breataine Oileáin Bhriotanacha na Maighdean Oileáin Cayman Oileáin Fháclainne (Islas Malvinas) Geansaí Oileán Mhanann Geirsí Montsarat Pitcairn San Héilin, Oileán na Deascabhála agus Tristan da Cunha an tSeoirsia Theas agus Oileáin Sandwich Theas Oileáin na dTurcach agus Caicos
	Andóra
	Monacó
	San Mairiné
	an Eilvéis
	an Tuirc
	Cathair na Vatacáine